# TIMPEALLÁN NA RÁTHA GO CROSAIRE KILMOON

## UASDÁTÚ POIBLÍ MAIDIR LE CÉIM 2

AN ROGHA AB FHEARR – CEANGAL MIONLEASAITHE FEABHRA 2025




## Forléargas ar an Scéim

Tá Comhairle Chontae na Mí (CCM) ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Fhine Gall (CCFG) agus le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) chun críche scéim a fhorbairt feadh stráice den N2 idir Timpeallán na Rátha agus Crosaire Kilmoon.

## Dul chun cinn go dtí seo

Forbraíodh an tionscadal seo i gcomhréir le Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ. Foilsíodh an Tuarascáil ar Roghanna don tionscadal seo i mí Feabhra 2022. Ba é tátal na tuarascála seo gurbh é an Rogha ab Fhearr (Rogha Bealaigh E-2) an réiteach is fearr le riachtanas sonrach an tionscadail a shásamh agus le cuspóirí an tionscadail a bhaint amach. B'ionann foilsiú na tuarascála seo agus cur i gcrích spriocanna inghnóthaithe Chéim 2 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadail BIÉ.

## An Rogha ab Fhearr roimhe seo - Forléargas

Bhí conair na Rogha ab Fhearr (Rogha Bealaigh E-2) a foilsíodh i mí Feabhra 2022 250m ar leithead, agus bhí conairí móra acomhail le feiceáil ag an gceangal theas ag an Ráth agus ag an gceangal thuaidh ag Kilmoon.

## Mionleasuithe ar Chonairí Acomhail

Déanfar mionleasú ar an dá chonair acomhail mar thoradh ar bhreithniú breise ar an straitéis fhéideartha acomhail.


### Mionleasú ar an gConair Acomhail Theas ag an Ráth

Tá mionleasú déanta ar an gconair le limistéar níos lú a thaispeáint ar a bhféadfaí an t-acomhal beartaithe a lonnú in aice le mótarbhealach an M2 atá ann cheana féin taobh thiar theas de Thimpeallán na Rátha atá ann cheana féin. Tá conair atá 250m ar leithead agus a théann trí thailte talmhaíochta ann ón M2 atá ann cheana féin go dtí an L50161, áit a gceanglaíonn sé le conair an E-2. Tá limistéar a chlúdaíonn an M2 atá ann cheana féin san áireamh laistigh den chonair le ceangal féideartha leis an N2 agus R135 arb ann dóibh cheana a léiriú.


### Mionleasú ar an gConair Acomhail Thuaidh ag Kilmoon

Tá mionleasú déanta ar an gconair le limistéar níos lú a thaispeáint ar a bhféadfaí an t-acomhal beartaithe a lonnú feadh an N2 atá ann cheana féin chuig taobh theas d'acomhal Chrosaire Kilmoon atá ann cheana féin. Tá conair atá 250m ar leithead agus a théann trí thailte talmhaíochta ann ón N2 atá ann cheana féin go dtí an L5007, áit a gceanglaíonn sé le conair an E-2. Tá limistéir lastoir agus laistiar den N2 atá ann cheana féin san áireamh laistigh den chonair freisin le ceangail fhéideartha leis an R152 agus L5038 arb ann dóibh cheana a léiriú.

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Bonneagar Iompair Éireann Transport Infrastructure Ireland
comhairle chontae na mí meath county council
Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council




INDICATIVE CROSS-SECTION OF PROPOSED MAINLINE
(SUBJECT TO DEVELOPMENT IN PHASE 3 - PRELIMINARY DESIGN)




INDICATIVE CROSS-SECTION OF IMPROVED EXISTING N2
(INCLUDING ACTIVE TRAVEL MEASURES)
(SUBJECT TO DEVELOPMENT IN PHASE 3 - PRELIMINARY DESIGN)

**NOTE:**


THE PREFERRED OPTION (ROUTE OPTION E-2) CORRIDOR SHOWN IS 250M WIDE ALONG THE MAINLINE SECTION. LARGER CIRCULAR AREAS ARE SHOWN AT THE JUNCTION LOCATIONS AT RATH & KILMOON, WITH 100M WIDE CORRIDORS ALONG POTENTIAL LINK ROADS.

THE CORRIDORS SHOWN DO NOT REPRESENT THE ACTUAL WIDTH OF THE ROAD SCHEME OR THE LANDS TO BE ACQUIRED – THE CORRIDORS INDICATE THE LANDS WITHIN WHICH THE PROPOSED SCHEME COULD BE DEVELOPED. THE EXACT DETAILS OF THE LAND TAKE, EARTHWORKS, JUNCTION AND SIDE ROAD DESIGN AND PROPERTY IMPACTS WILL BE DEVELOPED DURING THE NEXT PHASE OF THE PLANNING AND DESIGN PROCESS.

A DUAL CARRIAGEWAY ROAD CROSS-SECTION IS PROPOSED FOR THE MAINLINE AS PART OF THE PREFERRED OPTION. THE EXISTING N2 IS SHOWN TO BE RETAINED TO PROVIDE LOCAL ACCESS, WITH A REDUCED SINGLE CARRIAGEWAY ROAD CROSS-SECTION.

CYCLE & PEDESTRIAN IMPROVEMENTS ARE PROPOSED ALONG THE EXISTING N2 BETWEEN ASHBOURNE & CUSHINSTOWN. THIS WILL ENCOURAGE THE UPTAKE OF SUSTAINABLE ACTIVE TRAVEL MODES AND IMPROVE THE AMENITY VALUE OF THE LOCAL AREA.

THE CORRIDOR SHOWN MAY BE SUBJECT TO CHANGE FOLLOWING THE COMPLETION OF FURTHER SITE INVESTIGATIONS.





**LEGEND:**

| GEOGRAPHICAL FEATURES | EXISTING ROAD NETWORK | PREFERRED OPTION | TIE-INS, CROSSINGS & ACTIVE TRAVEL |
|---|---|---|---|
| COUNTY BOUNDARY | MOTORWAY | INDICATIVE ROUTE E-2 CORRIDOR | INDICATIVE MAINLINE CROSSING OF LOCAL / REGIONAL ROAD |
| TOWNLAND BOUNDARY | NATIONAL ROAD | | INDICATIVE ACTIVE TRAVEL MEASURES |
| EXISTING WATERCOURSE | REGIONAL ROAD | | |
| | LOCAL ROAD | | |

SCALE:
0 250 500 m
1:10000 @ A1, 1:20000 @ A3

Key Plan



FOR INFORMATION

REVISION DETAILS

SAFETY, HEALTH AND ENVIRONMENTAL INFORMATION BOX

IT IS ASSUMED THAT ALL WORKS ON THIS DRAWING WILL BE CARRIED OUT BY A COMPETENT CONTRACTOR WORKING, WHERE APPROPRIATE, TO AN APPROPRIATE METHOD STATEMENT.

THIS DRAWING IS TO BE USED ONLY FOR THE PURPOSE OF ISSUE THAT IT WAS ISSUED FOR AND IS SUBJECT TO AMENDMENT.

Roughan & O'Donovan-AECOM Alliance

Project Title: N2 Rath Roundabout to Kilmoon Cross

Drawing Title: Preferred Option Phase 2 Update

| Designed | Drawn | Checked | Approved | Date |
|---|---|---|---|---|
| DY | DY | AJ | EG | 27/01/25 |

Internal Project No: 60602546 — Suitability: S2
Scale @ A1: 1:10000 — Volume: General

Drawing Number: 60602546 - ACM - HGN - SW_Z_Z_Z - DR - CH - 0092 — Rev: P01

© NATIONAL MAPPING DIVISION OF TAILTE ÉIREANN. ALL RIGHTS RESERVED. LICENCE NUMBER CYAL50441431/MEATHCOUNTYCOUNCIL

# TIMPEALLÁN NA RÁTHA GO CROSAIRE KILMOON

## UASDÁTÚ POIBLÍ MAIDIR LE CÉIM 2

AN ROGHA AB FHEARR – CEANGAL MIONLEASAITHE FEABHRA 2025

### An Rogha ab Fhearr - Forléargas

Tá conair mhionleasaithe na Rogha ab Fhearr (Rogha Bealaigh E-2), arna léiriú ar chúl an leathanaigh, 250m ar leithead agus tá limistéir atá leathnaithe rud beag le feiceáil ag suíomhanna na n-acomhal beartaithe ag an Ráth agus Kilmoon.

Ní léiríonn an chonair a thaispeántar fíorleithead na scéime bóthair ná na dtailte atá le ceannach – léiríonn na conairí na tailte arbh fhéidir an scéim bheartaithe a fhorbairt laistigh díobh. Déanfar mionsonraí beachta na tógála talún, na gcréfort, an dearaidh acomhail agus taobh-bhóthair agus na dtionchar maoine a fhorbairt le linn an chéad chéim eile den phróiseas pleanála agus dearaidh.

Léirítear go gcoimeádfar an N2 atá ann cheana féin chun rochtain áitiúil a sholáthar, le trasghearradh bóthair a bheidh laghdaithe go carrbhealach singil ann. Tá sé beartaithe feabhsuithe rothar & coisithe a sholáthar feadh an N2 atá ann cheana féin idir Cill Dhéagláin agus Cushinstown. Spreagfaidh sé seo taisteal inbhuanaithe gníomhach agus feabhsóidh sé luach taitneamhachta an cheantair áitiúil.

D'fhéadfadh athrú teacht ar an gconair a léirítear tar éis chur i gcrích tuilleadh Forbartha Dearaidh agus Suirbhéanna agus Measúnuithe Innealtóireachta agus Comhshaoil le linn Chéim 3

### Céard atá ag tarlú faoi láthair?

Tá an fhoireann tionscadail ag fanacht faoi láthair le faomhadh a fháil ó BIÉ chun leanúint go dtí an chéad chéim eile den phróiseas – Céim 3 Measúnú Dearaidh agus Comhshaoil.

Déantar tuilleadh sonraí a bhailiú laistigh de phróiseas Chéim 3 ionas gur féidir an talamh a theastaíonn don tionscadal seo a shainiú. Bailítear na sonraí seo ó shuirbhéanna topagrafacha, suirbhéanna seandálaíochta geoifisiceacha, suirbhéanna imscrúdaithe talún srl. Tugadh faoi chuid de na suirbhéanna seo mar réamhobair, sula bhfuarthas an faomhadh ó BIÉ leanúint go Céim 3, chun cloí le riachtanais / srianta séasúracha suirbhéireachta.

### Céard é an chéad chéim eile?

Faoi réir cheaduithe BIÉ, déanfar na hOrduithe Reachtúla agus Tuarascáil (Tuarascálacha) Comhshaoil infheidhme a fhoilsiú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

Is féidir ceist ar bith maidir leis an tionscadal a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist Chomhairle Chontae na Mí (transport@meathcoco.ie).

Tá an bróisiúr seo ar fáil i nGaeilge ach é a iarraidh agus is féidir teacht air ar líne ag: (www.n2rath2kilmoon.ie).

### TREOCHLÁR AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Táimid anseo 2025 | | |
| **FOILSEACHÁIN & GARSPRIOCANNA** | An Limistéar Staidéir, Srianta & Roghanna Chéim 1 | Roghanna Chéim 2 | Sainaithint na Rogha ab Fhearr atá ag teacht chun cinn | Sainaithint na Rogha ab Fhearr | Ullmhúchán don Aighneacht Phleanála | Eisiúint na nAighneachtaí agus na nOrduithe Pleanála |
| **RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL** | An Chéad Chomhairliúchán Neamhreachtúil Poiblí | An Dara Comhairliúchán Neamhreachtúil Poiblí | An Tríú Comhairliúchán Neamhreachtúil Poiblí | Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara | Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara | Comhairliúchán Reachtúil an Bhoird Pleanála |
| | | | | Táimid anseo 2025 | | |